

Cuir **Fáilte** Roimh Theangacha

Eolas do
thuismitheoirí/
chaomhnóirí



Beannachtaí ó fhoireann ‘Cuir fáilte roimh theangacha’!



Céard é?

Is clár foghlaim teangacha é ‘Cuir fáilte roimh theangacha’, agus tá sé á mhaoiniú go hiomlán ag an Roinn Oideachais.

Cén fáth ar deis iontach do do pháiste é?

- Is deis iontach é teanga nua a iniúchadh ar bhealach spráíúil.
- I gcás páistí a fhoghlaimíonn teangacha, is mó seans go bhforbróidh siad scileanna litearthachta agus cruthaitheacht bhreise, agus beidh tuiscint acu ar dhaoine eile agus ar éagsúlacht sa phobal.
- Tá de nós ag foghlaimeoirí teanga marcanna níos airde a bhaint amach sa mhataimic! Forbraíonn siad scileanna réitigh fadhbanna agus smaointeoireacht chriticiúil.
- Is deis iontach é eispéireas dearfach a fháil ag foghlaim teangacha, agus cuideoidh sé le roghnú ábhar san iar-bhunscoil.
- Cuideoidh sé le do pháiste raon scileanna a fhorbairt, agus bainfidh sé/sí úsáid astu sa todhchaí, is cuma cén ghairm bheatha a roghnaíonn sé/sí.

Cén áit a bheidh sé ar siúl agus cén uair?

Bíonn na ranganna ar siúl i scoil do pháiste, i rith gnáthlá scoile. Tá 10 n-uair an chloig de ranganna sa chlár.

“Tá sé cúlailte foghlaim faoin saol a chaitheann daoine eile agus faoina dtír dhúchais. Tá sé an-deas foghlaim faoi chultúr”

Ó pháiste

“Sílim go bhfuil sé go hiontach! Tháinig mo mhac abhaile ag insint na bhfocal nua dom a d’fhoghlaim sé, chuir sé ceisteanna orm fiú!”

Ó thuismitheoir

“Luaigh go leor tuismitheoirí... go gcuireann na páistí aithne níos fearr ar a chéile agus iad ag aithint teangacha agus cultúir éagsúla.”

Ó mhúinteoir

Conas is féidir leat tacú le foghlaim do pháiste?

- Taispeáin go bhfuil tú dearfach faoi theangacha agus taispeáin go bhfuil suim agat in obair do pháiste. Bain úsáid as an bPas Teanga chun tús a chur le comhrá
- Bíodh spraoi agat leis na dúshláin ar an bPas agus ar an 'Teanga Infillilte' agus déan iarracht cluichí teanga a imirt le do pháiste.
- Foghlaim le do pháiste: bí ag faire amach do theangacha eile ar phacáistíú, in irisí, ar shuíomhanna idirlín, i ngreannáin, agus spreag do pháiste chun suim a chur i dteangacha.
- Labhair faoi do chuid eispéiris féin ag foghlaim teangacha: na rudaí ar bhain tú sult astu, na rudaí a chuidigh leat foghlaim; na rudaí a dhéanfa ar bhealach eile; an tslí a n-úsáideann tú na teangacha atá ar eolas agat agus araile. (fiú mura bhfuil ann ach cúpla focal!)
- An bhfuil cumas agat i dteanga? Má tá, úsáid í chomh minic agus is féidir sa bhaile! Cuideoidh sé seo na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha a threisiú.
- D'fhéadfá a bheith i d'oide don chlár! Nó, d'fhéadfá cuairt lae a thabairt agus scéal a léamh, cluichí a imirt, insint do na páistí faoi thír/theanga eile a bhfuil eolas agat orthu.

Conas a oibríonn sé?

Foghlaimeoidh páistí an teanga nua agus iad páirteach i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí spráilúla, agus trí chomparáid a dhéanamh leis na teangacha eile atá acu.

Gheobhaidh an scoil pacáiste áiseanna, agus tabharfar roinnt acu do na páistí.

Cad a gheobhaidh siad?

'Pasanna Teanga', chun taifead a choinneáil ar a bhfoghlaim agus ar a gcuid machnamh

'Teanga Infillilte', ar a bhfuil stór focal, fíricí, figiúirí agus cluichí





An bhfuil a fhios agat?

In 2022, in Éirinn, labhair breis agus 750,000 duine teanga seachas Gaeilge nó Béarla sa bhaile. Rugadh breis agus 200,000 díobh seo sa tír. (POS)

Beidh nuatheangacha iasachta mar chuid de Churaclam athfhorbartha na Bunscoile in Éirinn.

I ngach tír eile Eorpach, foghlaimíonn páistí teanga iasacht amháin, nó níos mó, ón mbunscoil.

“Tá breis agus 40 náisiúntachtaí éagsúla againn... is féidir linn mar sin plé níos leithne a dhéanamh ar na tíortha agus ar na teangacha atá againn i bpobal na scoile.”

Ó phríomhoide

Chun teacht ar tuilleadh eolais, téigh chuig ár suíomh idirlín:

<https://languagesconnect.ie/primary/>

Aidhmeanna ‘Cuir fáilte roimh theangacha’

- Aird a tharraingt i measc páistí ar an raon teangacha, Teanga Chomharthaíocht na hÉireann ina measc, a úsáideann scoláirí eile ina scoileanna agus ina bpobail. Seans gur mó a chuideoidh sé seo tacú le cuimsiú agus tuiscint ar an éagsúlachta sa tsochaí.
- Roghnú teangacha a spreagadh ag leibhéal na hiar-bhunscoile
- Deiseanna a chur ar fáil do bhreis comhoibrithe i bpobal na scoile, maidir le ceiliúradh ar theangacha agus ar chultúir.
- Tacú le cur i bhfeidhm Languages Connect: Straitéis do Theangacha Iasachta san Oideachas in Éirinn.



Curtha ar fáil ag



Teangacha
Iar-bhunscoile Éireann
Post-Primary
Languages Ireland

Tacaithe ag



An Roinn Oideachais
Department of Education